4.3.9	Cinntigh go gcomhlíontar ceanglais grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána	Cinntigh go dtuigeann baill foirne ábhartha sna hionaid, próiseas agus ceanglais grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána	Seisiúin eolais le reáchtáil i rith na bliana	Dhá sheisiún in aghaidh na bliana le reáchtáil
4.3.10	Chun a chinntiú go bhfuil ionaid ag cloí lena leithdháileadh foirne	Rannpháirtíocht le Bainistíocht an Ionaid, Stiúrthóirí agus Foireann Airgeadais	Rianú uaireanta, leithdháiltí agus buiséad	Leanúnach
4.3.11	Rialachas agus cuntasacht a neartú ar fud na seirbhísí oideachais Rialachas agus cuntasacht a neartú ar fud na seirbhísí oideachais	Cinntigh go gcomhlíontar ceanglais rialachais. Cinntigh go gcomhlíontar ceanglais rialachais.	Tuascálacha comhlíontachta rialachais. Tuascálacha comhlíontachta rialachais.	R2, R4 R2, R4
		Tacaigh le ceannairí i bhfreagrachtaí rialachais. Tacaigh le ceannairí i bhfreagrachtaí rialachais.	Oiliúint agus treoir curtha ar fáil. Oiliúint agus treoir curtha ar fáil.	R2, R4 R2, R4
4.3.12	Rialachas, Riosca agus Cuntasacht BO	Socruithe rialachais agus bainistíochta riosca a neartú ar fud BO	Próisis rialachais ag feidhmiú go héifeachtach	R2
4.3.13	Athbhreithniú ar Phlean Soláthair Chorpáidigh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus nuashonrú ar an bPlean Soláthair Ilbhliantúil (PSIB)	Plean Soláthair Chorpáidigh 2026 agus PSIB 2026-2028 a chur i gcrích	PSC 2026 agus plean soláthair ilbhliantúil 3 bliana (2026-2028) curtha isteach	R4

4.3.14	Maoirseacht na foirne bainistíochta SUSI ar Riosca, PLG, Airgeadas	Seasadh le Caighdeán Chód Caiteachais Phoiblí 2019 Seasadh leis an gClár Rioscaí Ráithiúil Athbhreithniú déanta ar PLG go bliantúil	Doiciméadú coinnithe. Oiliúint bainistíochta géarchéime curtha ar fáil don FBS	R2 Go leanúnach
4.3.15	Pleanáil Ghnó FBS	Lean ar aghaidh le pleanáil ghnó ráithiúil	Pleananna gnó ráithiúla críochnaithe agus scaipthe ar an bhfoireann go léir	Go ráithiúil
4.3.16	Caighdeán Bhonnlíne Slándála ISO 20027	Forbairt ar Chóras Bainistíochta Slándála Faisnéise SUSI a chur i bhfeidhm	Caighdeán ISO CBSF	Ullmhacht le haghaidh iniúchadh ISO 27001 a dhéanfaidh comhlacht deimhniúcháin creidiúnaithe i R4
4.3.17	Infheistíocht agus gealltanais leanúnach chun obair a dhéanamh ar mhaithe leis an reachtaíocht agus leis na hoibleagáidí ábhartha ar fad a chomhlíonadh	Freastal ar iarratais Ombudsman, moltaí a chur i bhfeidhm. Rannpháirtíocht leanúnach sa treoir maidir le cibearshlándáil	Amchláir reachtúla agus comhaontaithe bainte amach	Go leanúnach
4.3.18	Díriú oiliúna agus forbartha ar Chomhlíonadh agus rialachas	Gheobhaidh gach ball foirne nua oiliúint ábhartha. Gheobhaidh an fhoireann reatha go léir oiliúint athnuachana sceidealta.	Amfrámaí reachtúla a chomhlíonadh i ndáil le SF, IÁS, CS.	Go leanúnach
4.3.19	Sláinte agus Sábháilteacht	Leanúint ar aghaidh leis an tionscnamh nuashonraithe míosúil Sláinte agus Sábháilteachta	Oiliúint Garchabhrach, Láimhsithe Shábháilte agus Maoir Dóiteáin curtha ar fáil de réir cuótaí riachtanacha. Measúnuithe riosca coicísiúla curtha i gcrích ar an láthair	Go leanúnach

Sprioc Straitéiseach 4.4

Cultúr dearfach, ionchuimsitheach, nuálach a chothú, ag cruthú deiseanna le haghaidh ionchur agus aiseolas fiúntach ón bhfoireann, agus le haghaidh aitheantais ag gach leibhéal den eagraíocht

	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
4.4.1	Chun Ráiteas Straitéise BOO Chathair Bhaile Átha Cliath 2026-2030 a sheoladh	Físeán straitéise a fhorbairt	Físeán críochnaithe agus roinnte	R1
		Óstáil imeacht lainseála straitéise ar líne	Imeacht óstáilte	R1
4.4.2	Chun Taispeántas BOO Chathair Bhaile Átha Cliath 2026 a reáchtáil	Soláthar soláthraithe agus ionaid	Ionad faighte	R1
		Imeacht a Sheachadadh	Imeacht óstáilte	R1

4.4.3	Cultúr scoile dearfach agus ionchuimsitheach a chur chun cinn	Cur i bhfeidhm cleachtais san ionad oibre atá ionchuimsitheach agus measúil agus ailínithe le Beartais BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, agus ceanglais reachtacha níos leithne. Spreag nuálaíocht i scoileanna agus guth na foirne. Aithint agus ceiliúradh a dhéanamh ar chuidiú na foirne.	Aiseolas agus rannpháirtíocht foirne. Deiseanna le haghaidh ionchur agus aiseolas foirne maidir le nósanna imeachta/polasaithe/tionscnaimh scoile. Tionscnaimh aitheantais foirne	Go leanúnach
4.4.4	Fóraim Nuálaíochta agus Foirne SUSI	Rannpháirtíocht leanúnach FBS le Fóraim agus cur i bhfeidhm smaointe suntasacha	Cuireann an Fóram smaointe/tionscadail i láthair do FBS	Go leanúnach
4.4.5	Suirbhé ar Rannpháirtíocht Foirne	Suirbhé don fhoireann ar fad a scaipeadh chun sonraí faoi rannpháirtíocht foirne a fhoirmiú	Rátaí freagartha foirne ag caighdeán an tionscail	R2
4.4.6	Luachanna SUSI ionchorpraithe in ábhair oiliúna agus ionductaithe inmheánacha	Leanúint ar aghaidh le gnéithe FE de CÉC lena n-áirítear Ionductú, oiliúint cheannaireachta agus Straitéis Daoine	Suirbhé rannpháirtíochta	R4
4.4.7	Cultúr oibre dearfach, ionchuimsitheach agus machnamhach a chur chun cinn laistigh de Sheirbhísí Óige.	Deiseanna struchtúrtha a chruthú le haghaidh ionchur, machnaimh agus aitheantais foirne trí chruinnithe foirne agus pleanáil, cleachtas machnamhach, foghlaim chomhroinnte agus aitheantas a thabhairt do ghnóthachtálacha.	Deiseanna rannpháirtíochta agus machnaimh foirne éascaithe	R1–R4

BOO Chathair Bhaile Átha Cliath / An Roinn Oideachais agus Óige - KPI

1. Eispéireas Mic Léinn/Foghlaimora a Bharrfheabhsú

#	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
1.1	Eispéireas foghlama dearfach a chur ar fáil do gach foghlaimoir, lena n-áirítear foghlaimoirí ó ghrúpaí imeallaithe	Guth an Fhoghlaimora a ionchorprú inár scoileanna ar fad, ag cinntiú go bhfuil taithí an fhoghlaimora lárnach i gcinnteoireacht ár scoileanna	Tá Comhairle Mac Léinn bunaithe i ngach scoil. Spreagtar na Comhaltaí Foirme sa scoil chun modhanna a fhiosrú agus a chur chun feidhme go gníomhach chun gabháil, aimpliú agus gníomhú ghuth bharántúil an fhoghlaimora a fheabhsú.	R1, R3
		A chinntiú go gcuirtear raon leathan ábhar agus clár ar fáil, chun freastal ar riachtanais éagsúla ár bhfoghlaimoirí.	Más féidir ba cheart do gach scoil an raon iomlán clár atá ar fáil do mhic léinn a thairiscint (TS, IB, ATF, GCAT, AT, TSCS). Ba cheart do scoileanna féachaint freisin le hathbhreithniú a dhéanamh ar a gcuraclam chun freastal ar leasanna na bhfoghlaimoirí.	R2, R3
		Torthaí ón suirbhé bliantúil ar fhoghlaimoirí sa BOO a roinnt le hionaid agus le foghlaimoirí	Áirítear le pleananna feabhsú cáilíochta na n-ionad gníomhaíochtaí a bhaineann le heispéireas an fhoghlaimora	R3
		Beartais Folláine a bhunú i gcoláistí agus in ionaid	Beartais Folláine bunaithe i gcoláistí agus in ionaid	R4
		Plean caipitil a chur i bhfeidhm le haghaidh mionobreacha tógála agus athchóirithe (m.sh. clár péintéireachta) de réir mar is gá	Feabhas ar thimpeallacht fhisiciúil/aeistéitiúil na foghlama	Go leanúnach
1.2	Tacú le daltaí/foghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil de réir an bheartais náisiúnta reatha	Cinntigh go bhfuil Plean DEIS / FMS ag gach scoil. Ba cheart go gcuimseofaí sa phlean DEIS soláthar tacaíochta do mhic léinn ó Phobal an Lucht Siúil agus ón bPobal Romach.	Ba chóir an plean DEIS / an plean FMS a chur faoi bhráid an BB i ngach scoil agus a chur faoi bhráid Stiúrthóir na Scoileanna.	R1 agus ar siúl go leanúnach
		Tacóidh Cathair Bhaile Átha Cliath le Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath	Leathnóidh Music Generation a seachadadh clár ceoil do scoileanna agus leanfaidh siad	Go leanúnach

		chun acmhainní a chur ar fáil do thionscadail / do sheirbhísí.	de bheith ag comhoibriú le Seirbhísí Óige chun ceol a thabhairt do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste ar fud na Cathrach.	
		A chinntiú go ndírítear gach tacaíocht Shíceolaíoch i gceart agus go n-úsáidtear na tacaíochtaí sin i gceart chun tacú le foghlaimoírí atá i mbaol. Páirt a ghlacadh i gcruinnithe folláine foghlaimoira le comhaltaí foirne agus naisc a fhorbairt le gníomhaireachtaí seachtracha	Coinneáil agus forbairt foghlaimoírí feabhsaithe	Go leanúnach, ach athbhreithnithe ag deireadh gach ráithe R1, R2, R3, R4
		A chinntiú go ndírítear gach tacaíocht Shíceolaíoch i gceart agus go n-úsáidtear na tacaíochtaí sin i gceart chun tacú le foghlaimoírí atá i mbaol. Páirt a ghlacadh i gcruinnithe folláine foghlaimoira le comhaltaí foirne agus naisc a fhorbairt le gníomhaireachtaí seachtracha	Coinneáil agus forbairt foghlaimoírí feabhsaithe	Go leanúnach, ach athbhreithnithe ag deireadh gach ráithe R1, R2, R3, R4
1.3	Cinntiú go bhfuil gach beart riachtanach um chosaint leanaí i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanáí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna	An Seicliosta Rialachais a dháileadh ar gach ceannaire scoile a chinnteoidh rialachas cuí de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí.	Tá na beartais agus na bearta cosanta leanaí riachtanacha ar fad bunaithe ag gach scoil. Glacfaidh gach BB le Nósanna Imeachta nua um Chosaint Leanáí faoi mhí na Nollag 2026 i gcomhréir leis na treoirlínte.	R1 R4
1.4	Cinntiú go gcloítear go hiomlán leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna	Cúrsaí oiliúna do TAnna/LTAnna agus comhaltaí foirne Sainordaithe ar fáil do gach scoil agus gach BB.	Gach scoil le comhlíonadh go hiomlán.	R1 agus ar siúl go leanúnach
2. Clár Chosanta				
	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
2.1	Cabhrú leis an ROÓ, de réir mar is gá, chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint agus soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta	Ár gClár REALT a chur ar fáil agus a ionchorprú go hiomlán, a thacaíonn le foghlaimoírí IPAS	Níl aon fhoghlaimoír gan áit scoile.	R1, R3 agus ar siúl go leanúnach
3. Rialachas				
	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc

3.1	Rátaí freastail ag cruinnithe Boird	Ba cheart do bhoird aonair athbhéim a chur ar an ngá le freastal ar gach cruinniú boird de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas BOOanna	Beidh taifid tinrimh á gcoinneáil ag gach cruinniú agus á bhfoilsiú mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil.	R4
3.2	Féinmheasúnuithe Boird	Ba chóir do gach bord féinmheasúnú a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an gceistneoir atá sa Chód Cleachtais chun réimsí ina bhfuil gá le feabhsúcháin a aithint	Féinmheasúnuithe an Bhoird críochnaithe, na torthaí pléite agus miontuairiscithe ag cruinniú an Bhoird.	R3 agus R4
3.3	Saineolas airgeadais ar choistí iniúcháireachta agus airgeadais	Ba cheart go ndéanadh an bord ceapacháin ar choistí iniúcháireachta agus airgeadais i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí. Ba cheart do chomhaltaí seachtracha na gcoistí na scileanna agus an taithí iniúcháireachta agus airgeadais is gá a thabhairt chun an ról.	Coistí ag feidhmiú agus a bhfuil ballraíocht acu a léiríonn an saineolas riachtanach.	Go leanúnach
3.4	Breithmheas an Bhoird ar obair curtha i gcrích ag Coistí Airgeadais agus Iniúchta agus Riosca	Ba cheart do chathaoirleach gach boird a chinntiú go gcuirtear tuarascálacha scríofa ar fáil do chomhaltaí boird ar an obair a dhéanann na coistí airgeadais agus iniúchta agus riosca mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas BOOanna.	Tuairiscí coiste pléite agus miontuairiscí scríofa ag cruinniú Boird.	Go leanúnach
3.5	Féinmheasúnú á Dhéanamh ag Coistí Airgeadais agus Iniúchta agus Riosca	Ba cheart go gcinnteodh cathaoirleach an choiste iniúchta agus riosca agus cathaoirleach an choiste airgeadais araon go gcuirfeadh cleachtadh féinmheasúnaithe i gcrích go bliantúil de réir mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas BOOanna.	Féinmheasúnuithe coiste curtha i gcrích.	R3
3.6	Forbairt Foirne*	Ba chóir don phríomhfheidhmeannach a chinntiú -go gceapfar comhalta foirne mar bhainisteoir oiliúna -go ndéantar anailís ar riachtanais oiliúna i mbainistíocht airgeadais ar bhonn bliantúil - go bhforbraítear agus go gcuirtear chun feidhme clár oiliúna maidir le bainistíocht airgeadais	- Bainisteoir Oiliúna Ceaptha - Anailís ar riachtanais oiliúna i mbainistíocht airgeadais críochnaithe - Clár oiliúna ar bhainistíocht airgeadais forbartha agus curtha i bhfeidhm	Go leanúnach

3.7	Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne	Caithfidh tuairisceáin chuig an Roinn a bheith cruinn agus caithfear cloí leis an spriocdháta tuairiscithe.	Cloífead le spriocdhátaí uile na Roinne agus déanfar iad a rianú i rith na bliana chun comhlíonadh a chinntiú.	Go leanúnach
3.8	Beartas Bainistíochta Riosca	Ba cheart do bhord gach BOO a chinntiú go bhfuil próiseas leanúnach ann atá deartha chun rioscaí suntasacha a bhaineann le torthaí aonáin a bhaint amach a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart don choiste iniúchta agus riosca tacú leis an mbord sa ról seo.	-Cur i bhfeidhm iomlán an bheartais agus na nósanna imeachta athbhreithnithe do Bhainistíocht Riosca i BOO Chathair Bhaile Átha Cliath -Cláir Chorporáideacha agus Stiúrthóireachta i bhfeidhm agus cumas áitiúil chun rioscaí a chur chun cinn de réir mar is gá. Athbhreithnithe agus pleananna gníomhaíochta ráithiúla bunaithe go háirithe do rioscaí suntasacha. -Cruinniú amháin ar a laghad leis an gcoiste chun bainistíocht riosca agus rianú iniúchta a phlé	Go leanúnach
3.9	Rialuithe Inmheánacha	Cinntoidh Bord gach BOO go bhfaighidh sé dearbhú leordhóthanach go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar a bhí beartaithe.	Cinntoidh an bord go bhfaighidh sé dearbhú leordhóthanach go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar a bhí beartaithe. An úsáid éifeachtúil a bhaintear as acmhainní airgeadais agus foirne a uasmhéadú ar fud na scéime	Go leanúnach

**Tagraíonn sé seo do BOO ag cinntiú go sanntar freagracht fhoriomlán as maoirseacht agus cur i bhfeidhm oiliúna ar fud an BOO do bhall dá fhoireann reatha agus é mar aidhm aige cur chuige straitéiseach, comhtháite agus éifeachtúil a chinntiú i leith oiliúna ar fud na réimsí feidhmiúla ar fad. Is féidir le ról den sórt sin luí le struchtúir agus socruithe atá ann cheana féin ar fud an BOO agus ní gá gur ról lánaimseartha é. Is í an phríomhcheist ná ball foirne a bheith ann a bhfuil freagracht agus maoirseacht fhoriomlán orthu ar an gclár oiliúna.*

Soláthar Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna 2026

Forbhreathnú ar Bhreisoideachas agus Oiliúint (BO)

Cuireann Coláiste BO Chathair Bhaile Átha Cliath Breisoideachas agus Oiliúna (BO) cuimsitheach ar fáil atá ag feidhmiú ar fud na cathrach i mbreis is 50 ionad faoi naoi ndámh agus líonra leathan de chomhpháirtithe soláthair. Áirítear ar sheirbhísí BO cláir lánaimseartha agus páirtaimseartha amhail cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (CIA), printíseachtaí, oiliúnachtaí, oiliúint scileanna sonracha, Scileanna le Dul Chun Cinn, oideachas pobail, litearthacht aosach, soláthar do dhaoine óga, oideachas príosúin, agus oiliúint speisialaithe, ag tacú le foghlaimeoirí ó rannpháirtíocht ar leibhéal iontrála go dtí uasghrádú scileanna agus dul chun cinn sa lucht saothair.

Sa bhliain 2026, tá súil ag BOO Chathair Bhaile Átha Cliath tacú le thart ar 30,000 foghlaimeoir BO, lena n-áirítear thart ar 12,000 foghlaimeoir lánaimseartha agus 18,000 foghlaimeoir páirtaimseartha, ar fud Choláiste BO BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, Ionaid Oiliúna Pobail, Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla, agus suíomhanna pobail ar fud chathair Bhaile Átha Cliath. Tá rannpháirtíocht láidir fostóirí, tacaíochtaí comhtháite d'fhoghlaimeoirí agus dearbhú cáilíochta láidir mar bhonn agus taca leis an soláthar, rud a chinntíonn oideachas agus oiliúint atá inrochtana agus atá freagrach don mhargadh saothair.

Tosaíochtaí BO 2026

Eolas agus Scileanna Réidh don Todhchaí

Díreoidh soláthar pleanálte choláiste BO Chathair Bhaile Átha Cliath ar a chinntiú go mbeidh rochtain ag foghlaimeoirí ar eolas agus scileanna atá réidh don todhchaí agus atá ábhartha don mhargadh saothair trí fhorbairt leanúnach agus infhaighteacht dámhachtainí tosaíochta. Áirítear leis seo bailíochtú Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann a fháil agus a chothabháil le haghaidh cúram sláinte, oibre óige, cúram leanaí agus cláir phrintíseachta, chomh maith le dámhachtainí nua agus dámhachtainí atá ag teacht chun cinn a thabhairt isteach i gcás ina n-aithnítear bearnaí scileanna. Cuirfidh rannpháirtíocht leanúnach le fostóirí agus le páirtithe leasmhara eárnálacha eolas ar fáil maidir le hábharthacht an churaclaim, agus tacóidh samhlacha seachadta cumaiscthe agus solúbtha le rannpháirtíocht agus dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí.

Cuimsiú le haghaidh Rathúnas agus Aontacht

Leanfaimid lenár soláthar ag tabhairt tosaíochta do rochtain ionchuimsitheach ar BO do fhoghlaimeoirí ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, ag tacú le haontacht sóisialta agus rannpháirtíocht eacnamaíoch. Áirítear leis seo Dearnadh Uilíoch don Fhoghlaim, tacaíochtaí folláine agus cleachtais atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir a ionchorprú ar fud na gclár. Tacóidh tionscnaimh spriocdhírthe le rochtain, coinneáil agus dul chun cinn do chohóirt tosaíochta, agus cinnteoidh seachadadh solúbtha agus soláthar pobalbhunaithe go bhfanfaidh BO freagrúil do riachtanais áitiúla agus ailínithe le cuspóirí cuimsithe sóisialta níos leithne.

Cáilíocht agus Nuálaíocht

Cuirfidh Coláiste BO Chathair Bhaile Átha Cliath béim láidir ar cháilíocht a chothabháil agus a fheabhsú agus nuálaíocht á cothú aige sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú. Áirítear leis seo próisis dearbhaithe cáilíochta a neartú, tacú le rannpháirtíocht foirne i gcleachtas machnamhach agus i dtaighde feidhmeach, agus cur chuige bunaithe ar fhianaise a ionchorprú i ndearnadh agus i seachadadh clár. Déanfar ardáin dhigiteacha agus uirlisí comhoibríocha a chomhtháthú tuilleadh chun tacú le comhsheasmhacht, éifeachtúlacht agus nuálaíocht ar fud an tsoláthair, rud a chinnteoidh go mbeidh taithí ardchaighdeán ag an bhfoghlaimeoir atá i gcomhréir le caighdeán náisiúnta.

Ag Comhoibriú le haghaidh Tionchair

Beidh comhoibriú mar bhonn agus taca faoi sheachadadh tosaíochtaí BO trí Choláiste BO Chathair Bhaile Átha Cliath agus seirbhísí tacaíochta agus le páirtithe leasmhara seachtracha. Áirítear leis seo oibriú le fostóirí, eagraíochtaí pobail, institiúidí ardoideachais agus gníomhaireachtaí náisiúnta chun ionchur a fháil i ndearnadh an tsoláthair, agus saineolas a roinnt chun an

tionchar is mó a bhaint amach. Tacóidh deiseanna struchtúrtha le haghaidh comhoibriú foirne agus foghlaim tras-ionaid le haontacht, laghdóidh siad dúbláil agus feabhsóidh siad torthaí d'fhoghlaimoírí, rud a rachaidh chun tairbhe do phobail áitiúla agus d'fhostóirí ina dhiaidh sin

Leithdháileadh Maoinithe BO do 2026 Faigheann BOO Chathair Bhaile Átha Cliath maoiniú chun Seirbhísí BO a sholáthar gach bliain ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta trí SOLAS.

Tábla 1: Buiséad BOO Chathair Bhaile Átha Cliath agus Leithdháileadh Maoinithe SOLAS

BOO Chathair Bhaile Átha Cliath	Leithdháileadh Deiridh 2025	Leithdháileadh Maoinithe SOLAS 2026	Buiséad BOO Chathair Bhaile Átha Cliath 2026			
			Pá	Neamhphá	Liúntais	Iomlán
Maoiniú Lárnach le haghaidh BOO Straitéiseach agus Éifeachtach	€16,195,000	€16,776,943	€10,051,000	€7,318,000		€17,369,000
Forbairt Scileanna agus Claoclú an Lucht Oibre	€53,108,000	€53,871,475	€46,070,000	€5,996,000	€1,652,000	€53,718,000
Conairí BO	€58,367,823	€56,117,096	€31,578,000	€17,383,000	€8,923,000	€57,884,000
Printíseacht	€21,702,000	€26,241,323	€5,160,000	€3,822,000	€17,259,000	€26,241,000
Infheistíocht Straitéiseach	€3,898,000	€3,854,886	€1,359,000	€2,204,000		€3,563,000
Leithdháileadh Foriomlán	€153,270,823	€156,861,723	€94,218,000	€36,723,000	€27,834,000	€158,775,000

Sa bhliain 2026, úsáidfidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath an maoiniú seo chun seachadadh a dhéanamh

Maoiniú Lárnach le haghaidh BOO Straitéiseach agus Éifeachtach
<p><u>Tacaíocht agus Treoir don Fhoghlaimoírí:</u></p> <p>In 2026, tacóidh an maoiniú lárnach le neartú leanúnach seirbhísí tacaíochta agus treorach d'fhoghlaimoírí ar fud BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, a chinnteoidh gur féidir le foghlaimoírí rochtain a fháil ar thacaíochtaí comhordaithe, dírithe ar an duine ar feadh a n-aistear oideachais agus oilúna. I measc na dtosaíochtaí tá comhtháthú feabhsaithe ar threoir, seirbhísí síceolaíochta agus foirne tacaíochta foghlaimoírí ar fud scoileanna, BO, seirbhísí óige, agus oideachas príosúin, le fócas ar idirghabháil luath, cuimsiú agus dul chun cinn.</p> <p>Tacóidh an maoiniú lárnach le samhlacha tacaíochta atá dírithe ar an bhfoghlaimoírí, chomh maith le prionsabail an Dearaidh Uilíoch a ionchorprú agus conairí idir seirbhísí a neartú. Feabhsóidh tionscnaimh dhigiteacha rochtain ar fhaisnéis treorach, ag tacú le coinneáil, folláine agus dul chun cinn foghlaimoírí, go háirithe dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste nó ag fulaingt ó bhacainní breise.</p> <p><u>Foirgnimh:</u></p>

Tacóidh maoiniú lárnach le pleanáil straitéiseach agus le tosaíocht a thabhairt do fhoirgnimh agus do bhonneagar chun timpeallachtaí foghlama agus oibre atá sábháilte, inbhuanaithe agus oiriúnach don chuspóir a chinntiú. In 2026, áirítear leis seo dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail chaipitil lena n-áirítear Coláiste BO Chathair Bhaile Átha Cliath Chnoc Shéipéal Iosóid (NZE), Coláiste BO Chathair Bhaile Átha Cliath SIUP Inse Chór, Coláiste BO Chathair Bhaile Átha Cliath SIUP Bhóthar Bhaile Formaid agus Coláiste BO Chathair Bhaile Átha Cliath Cathal Brugha. Tionscadal mór caipitil, comhordú a dhéanamh ar oibreacha beaga agus ar chláir athchóirithe, agus cuspóirí gníomhaíochta aeráide a chomhtháthú i mbainistíocht eastáit.

Beidh béim ar leith ar phleanáil sócmhainní a neartú, ar mhonatóireacht bail agus ar chomhlíonadh, chomh maith le comhordú feabhsaithe idir ionaid, Cothabháil Foirgneamh, agus ceannaireacht shinsearach. Tacaíonn an obair seo le bainistíocht éifeachtach ar bhrúnna cóiríochta agus ag an am céanna a chinntiú go gcomhlíonann áiseanna ceanglais reachtúla agus inbhuanaitheachta.

Cáilíocht/Deimhniú:

Beidh maoiniú lárnach mar bhonn agus taca le socruithe dearbhaithe cáilíochta, deimhniúcháin agus rialachais ar fud an chórais agus ar fud BOO Chathair Bhaile Átha Cliath in 2026. Áirítear leis seo creatlacha cáilíochta a neartú, tacú le cleachtais chomhsheasmhacha measúnaithe agus deimhniúcháin, agus a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla, rialála agus comhlachtaí dámhachtana ar fud BO.

Laistigh de BO, tacaíonn maoiniú lárnach le rannpháirtíocht Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, dul chun cinn socruithe freagrachta díláraithe, agus ailíniú próiseas bailíochtaíthe, measúnaithe agus deimhniúcháin clár. Ar leibhéal na heagraíochta, cuireann sé ar chumas monatóireacht agus tuairisciú feidhmíochta láidir chun tacú le trédhearcacht agus feabhsú leanúnach.

Tacaíochtaí Lárnacha Eile:

Tacóidh maoiniú lárnach le feidhmeanna cumasúcháin lárnacha atá rithábhachtach d'éifeachtúlacht na mBord Oideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear airgeadas, acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, rialachas, pleanáil sonraí agus straitéiseach, soláthar agus seirbhísí corparáideacha. I measc na dtosaíochtaí BO in 2026, áirítear tuairisciú feabhsaithe ar shonraí agus ar fheidhmíocht, tuilleadh forbairt ar bhranda Choláiste BO Chathair Bhaile Átha Cliath, tuilleadh forbairt ar straitéis atá bunaithe ar an dámh do chláir, bainistíocht riosca agus comhlíonadh neartaithe, agus tionscnaimh um chlaohlú digiteach a sheachadadh atá ailínithe le Straitéis Dhigiteach an BOO.

Cuireann na tacaíochtaí seo ar chumas BOO Chathair Bhaile Átha Cliath feidhmiú mar eagraíocht láidir agus fhreagrúil, ag seachadadh seirbhísí ar scála mór agus ag cinntiú luach ar airgead agus ailíniú le tosaíochtaí beartais náisiúnta.

Maoiniú do Sholáthar BO le haghaidh Forbairt agus Claohlú Scileanna an Lucht Oibre

(Dul Chun Cinn san Fhostaíocht, Foghlaim san Fhostaíocht)

Tacóidh maoiniú in 2026 le cláir spriocdhírithé atá feasach ar fhostóirí a chuireann ar chumas foghlaimeoirí dul chun cinn i bhfostaíocht, fostaíocht a choinneáil, agus scileanna nua a fheabhsú nó a athoiliúint mar fhreagairt ar riachtanais an mhargaidh saothair. Cuirfidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath punann cothrom de sholáthar iontrála fostaíochta agus foghlama-i-bhfostaíocht ar fáil ar fud Choláiste BO Chathair Bhaile Átha Cliath, i gcomhréir le tosaíochtaí scileanna réigiúnacha agus náisiúnta.

Foghlaim le haghaidh Dul Chun Cinn san Fhostaíocht:

Tacóidh maoiniú um foghlaim le haghaidh dul chun cinn fostaíochta le cláir a chuireann ar chumas foghlaimeoirí difhostaithe agus tearcfhostaithe scileanna atá réidh le haghaidh poist a fháil agus dul chun cinn chuig fostaíocht nó oiliúint

bhreise. Áirítear leis an soláthar Oiliúint i Scileanna Sonracha, cúrsaí oiliúna, agus cláir réamhphrintíseachta i réimsí ar nós na tógála, na hinnealtóireachta, an chúraim sláinte, an fháilteachais, TFC, agus scileanna glasa.

Áirítear leis an seachadadh réamh-mheasta thart ar 1,270 foghlaimeoir ar chlár Oiliúna Scileanna Sonracha agus 560 foghlaimeoir ar chúrsaí oiliúna. Leagann na cláir béim ar scileanna praiticiúla, ar fhoghlaim atá bunaithe ar an obair, agus ar phleanáil dul chun cinn, agus treoir, dearbhú cáilíochta agus acmhainn teagascóra mar thaca leo.

Foghlaim san Fhostaíocht:

Tacóidh maoiniú foghlama-i-bhfostaíocht le hardú scileanna agus athoiliúint daoine atá sa lucht saothair cheana féin. Sa bhliain 2026, leanfaidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath de bheith ag leathnú an tsoláthair Scileanna chun Dul Chun Cinn, oiliúint printíseachta agus rolladh amach micricháilíochtaí breise atá dírithe go sonracha ar scileanna fostaithe a fheabhsú.

Áirítear leis an seachadadh réamh-mheasta thart ar 950 foghlaimeoir trí chlár Scileanna chun Dul Chun Cinn agus 1,200 foghlaimeoir i bprintíseachtaí faoi stiúir ceardaíochta agus comhaontas. Déantar soláthar a sheachadadh i bhformáidí solúbtha agus forbraítear é i gcomhoibriú le fostóirí, ag tacú le táirgiúlacht, coinneáil lucht saothair agus dul chun cinn.

Maoiniú do Chonairí BO

(Conairí, Soláthar don Óige, Oideachas Pobail, Litearthacht do Dhaoine Fásta don Saol)

Tacóidh maoiniú do Chonairí BO in 2026 le soláthar ionchuimsitheach a chuireann rochtain, dul chun cinn agus áth-rannpháirtíocht in oideachas agus in oiliúint ar chumas daoine. Cuirfidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath creat conairí ciallmhar ar fáil ar fud Choláiste BO Chathair Bhaile Átha Cliath agus soláthar comhpháirtithe, ag tacú le dul chun cinn chuig BO creidiúnaithe, printíseachtaí, fostaíocht agus foghlaim ar feadh an tsaoil.

Conairí:

Tacaíonn maoiniú Conairí le bealaí dul chun cinn struchtúrtha ó oideachas iar-bhunscoile, oideachas pobail, soláthar don óige, agus litearthacht do dhaoine fásta isteach i gclár BO creidiúnaithe. Áirítear leis an seachadadh réamh-mheasta thart ar 180 foghlaimeoir a fhaigheann tacaíocht trí Thionscnaimh Oiliúna Áitiúla agus cláir conaire struchtúrtha, mar aon le treoir agus tacaíochtaí foghlaimeoirí.

Soláthar don Óige:

Tacóidh maoiniú soláthair don óige le cláir oideachais agus oiliúna spriocdhírthe do dhaoine óga a d'fhág an scoil go luath nó atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath. Sa bhliain 2026, cuirfidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath soláthar Ógtheagmhála agus Ionad Oiliúna Pobail (IOP) ar fáil a chomhcheanglaíonn oideachas, forbairt phearsanta agus oiliúint ghairmiúil.

Áirítear leis an seachadadh réamh-mheasta thart ar 780 foghlaimeoir ar chlár Ógtheagmhála agus 535 foghlaimeoir in Ionad Oiliúna Pobail, ag soláthar conairí struchtúrtha a thacaíonn le háth-rannpháirtíocht, dul chun cinn agus forbairt phearsanta. Leagann na cláir seo béim ar chleachtas atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir, ar chuimsiú agus ar dhul chun cinn chuig breisoideachas, oiliúint nó fostaíocht, agus treoir chomhtháite agus seirbhísí tacaíochta don fhoghlaimeoir mar thaca leo.

Oideachas Pobail:

Tacaíonn maoiniú Oideachais Pobail le foghlaim inrochtana, áitiúil do dhaoine fásta, lena n-áirítear forbairt phearsanta, blaiseadh gairme, agus cláir atá dírithe ar dhul chun cinn. Áirítear leis an seachadadh réamh-mheasta thart ar 5,400 foghlaimeoir, ag tacú le rannpháirtíocht, cuimsiú sóisialta agus dul chun cinn isteach i BO creidiúnaithe nó fostaíocht.

Litearthacht do Dhaoine Fásta don Saol:

Tacaíonn maoiniú le haghaidh Litearthacht do Dhaoine Fásta don Saol le cláir litearthachta, uimhearthachta, litearthachta digiteach, agus BCTE atá ailínithe leis an straitéis náisiúnta. Sa bhliain 2026, beidh thart ar 4,400 foghlaimeoir páirteach i soláthar litearthachta do dhaoine fásta a chuirfear ar fáil i suíomhanna pobail, lárionaid agus for-rochtana, ag tacú le scileanna bunúsacha agus dul chun cinn. Beidh an t-éileamh ar áiteanna i gcláir BCTE níos mó ná an soláthar mar gheall ar shrianta sna buiséid atá ar fáil.

Maoiniú Printíseachta

(Faoi stiúir na gCeardaíochta agus na gComhaontais)

Tacóidh maoiniú printíseachta in 2026 le soláthar printíseachta ardchaighdeán a sheachadadh agus a leathnú ar fud BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, i gcomhréir le riachtanais an mhargaidh saothair agus tosaíochtaí scileanna náisiúnta. Tá an baol ann go mbeidh barrachas sa leithdháileadh maoinithe Printíseachta ach déanfar monatóireacht agus athbhreithniú dlúth air seo i rith na bliana.

Printíseacht Ceardaíochta:

Tacaíonn maoiniú printíseachta ceardaíochta le hoiliúint lasmuigh den láthair oibre i dtógáil, innealtóireacht, leictreachas agus ceirdeanna gaolmhara. Áirítear leis an seachadadh réamh-mheasta thart ar 570 foghlaimeoir thar chéimeanna printíseachta éagsúla, agus tacaítear leis sin le háiseanna speisialaithe, saineolas teagascóirí agus dearbhú cáilíochta. Leanfaidh BOO Chathair Bhaile Átha Cliath de liúntais phrintíseachta a mhaoiniú do phrintísigh atá ag staidéar in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath le linn chéim 4 agus chéim 6 dá bprintíseachtaí.

Printíseacht 2016+:

Tacaíonn maoiniú Printíseachta 2016+ le cláir atá faoi stiúir chomhaontais i réimsí ar nós TFC, innealtóireacht, tógáil agus lóistíocht. Áirítear leis an seachadadh réamh-mheasta thart ar 635 foghlaimeoir i gCuntasaíocht, Ceantáil, Commis Chef, Díolacháin, Cibearshlándaíl, Gruagaireacht, Forbairt Bogearraí agus Líonrú Ríomhaireachta le soláthar a chomhcheanglaíonn foghlaim ar an láthair oibre agus lasmuigh den láthair oibre agus a sheachadtar trí mhúnlaí solúbtha.

Maoiniú Infheistíochta Straitéiseach

(Maoiniú Reach, Forbairt Scileanna Speisialtóireachta, Scileanna chun Tionscadail Nuálaíochta a Chur Chun Cinn, Tionscnaimh Straitéiseacha BOO, Tionscnaimh Ghníomhú ar son na hAeráide, Cúrsaí Féinmaoinithe)

Tacóidh Maoiniú Infheistíochta Straitéiseach in 2026 le tionscnaimh spriocdhírthe a fheabhsaíonn freagrúlacht, cuimsiú, nuálaíocht agus acmhainn chórais ar fud sholáthar BO, ag comhlánú maoiniú lárnach agus clár.

Ginearálta:

Tacóidh infheistíocht le samhlacha seachadta pólótacha, soláthar speisialtóireachta atá ailínithe le héileamh an mhargaidh saothair, agus tionscnaimh a dhíríonn ar bhacainní rannpháirtíochta, mar aon le tosaíochtaí ar fud na mBord Oideachais agus Oiliúna amhail gníomhú ar son na haeráide, claochlú digiteach agus rannpháirtíocht fiontar.

REACH:

B'ionann iarratais ar mhaoiniú REACH in 2026 agus 232% den mhaoiniú a bhí ar fáil. Tacóidh maoiniú Reach le hidirghabhálacha spriocdhírthe d'fhoghlaimoírí atá os comhair bacainní casta rannpháirtíochta. Áireofar ar an seachadadh atá beartaithe foghlaimoírí ó thart ar 80 eagraíocht a dtabharfar tacaíocht dóibh trí sholáthar solúbtha, tacaíochtaí feabhsaithe agus treoir dhian, ag feidhmiú mar dhroichid isteach i bpríomhshruth na hoiliúna BO nó oiliúint atá dírithe ar fhostaíocht.

Forbairt Scileanna Speisialtóireachta:

Tacóidh maoiniú Forbairt Scileanna Speisialtóireachta le cláir atá ailínithe le riachtanais scileanna earnálacha sonracha i réimsí ar nós tógáil, innealtóireacht, TFC agus cúram sláinte. Áirítear leis an seachadadh réamh-mheasta thart ar 470 foghlaimoír, ag tacú le feabhsú scileanna agus athoiliúint thapa.

Tionscadail Nuálaíochta:

Tacóidh maoiniú nuálaíochta le tionscadail nuálaíochta agus tionscnaimh phíolótacha Scileanna chun Dul Chun Cinn, lena n-áirítear samhlacha foghlama solúbtha agus cumaiscthe. Áirítear leis an seachadadh réamh-mheasta 100–150 foghlaimoír.

Tionscnaimh Shonracha BOO:

Tacóidh infheistíocht straitéiseach le tionscnaimh shonracha do na BOOanna, lena n-áirítear dámhachtainí nua nó athbhreithnithe ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, tionscnaimh ghníomhaíochta ar son na haeráide agus scileanna glasa, agus cúrsaí féinmhaoinithe. Táthar ag súil go dtacóidh soláthar féinmhaoinithe le 300–400 foghlaimoír sa bhliain 2026, a fheabhsóidh solúbthacht agus freagrúlacht.

4. Tuarascálacha Airgeadais

Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath

Tuarascáil Airgeadais – Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta 2026

FÁLTAIS	Dréacht-réamh- mheastachán Bliain dar críoch 31 Nollaig 2026 €'000s	*Dréacht-larbhír Bliain dar críoch 31 Nollaig 2025 €'000s
Deontais i leith lar-bhunscoileanna agus na Ceannoifige	61,140	58,608
Deontais do Bhunscoileanna	510	464
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	156,862	154,874
Deontais i leith Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	397,618	360,786
Deontais do Sheirbhísí Óige	22,635	22,236
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe	7,021	7,132
Caipiteal	4,249	9,773
	650,035	613,873
ÍOCAÍOCHTAÍ		
Iar-bhunscoileanna agus an Cheannoifig	61,140	58,954
Bunscoileanna	590	528
Breisoideachas agus Oiliúint	158,775	152,018
Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn	401,939	359,091
Seirbhísí Óige	22,705	22,689
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe	7,674	7,815
Caipiteal	9,509	6,231
	662,332	607,326
Barrachas/(Easnamh) Airgid i leith na Tréimhse	(12,297)	6,547

*Dréachtfhigiúirí amháin.
Neamhiniúchta